Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta
63-66 Sr Amiens, Baile Átha Cliath 1 | +353(0)1-6616333 | runai.boird@raidionalife.ie

C.R.ÁC Teoranta | Raidió na Life

Tionólfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2017 na Scairshealbhóirí

- Á gcomóradh faoi réir rialacha 5–18, 34 agus 41 de rialacha C.R.Á.C Teoranta agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014.

Máirt 26 Meitheamh 2018 ag 18:00 (6 i.n)

Ionad: Raidió na Life, Áras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, BÁC 1

Peadar T Mac Ruairí | Rúnaí **<runai.boird@raidionalife.ie> / <runairnal@gmail.com>.**
Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta *08 Meitheamh 2018*

Cruinniú Ginearálta Bliantúil na Scairshealbhóirí 2017

Clár Gnó

1) **Buanorduithe**

2) **Miontuairiscí** – Cruinniú Ginearalta Bliantúil 2016 – tionólta 25 Aibreán 2017
   - Miontuairiscí ar Lth 2 (san iatán nasctha)

   – Cruinniú Ginearalta Speisialta – tionólta 25 Aibreán 2017
   - Miontuairiscí ar Lth 3 (san iatán nasctha)

3) **Raitis Airgeadais** – Cúntais Iniúchta Eanáir-Nollaig 2017
   - Mionchuntas trádála ar Lth 4 (san iatán nasctha)
   - Cóip den *Ráitis Airgeadais Iniúchta* Eanáir-Nollaig 2017 le fáil san oifig nó ar iarratas chuig **<bainisteoir@raidionalife.ie>**

4) **Iniúchóir** – Molann an Bord Stiúrtha go n-athcheapfar Dáithí Ó Maolchoille

5) **Bord Stiúrtha a cheapadh**

   .1 **Baill Reatha**
   Faoi réir Riail 11(c) de na rialacha, agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, éireoidh an tríú chuid den bhord as gach bliain agus, más rogha leo sin, tá siad iontofa athuair gan réamhainmniúchán –
   - P T Mac Ruairí - ag seasamh athuair.

   .2 **Ainmniúcháin don Bhord Stiúrtha**
   Faoi réir Riail 11(c) de na rialacha, agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, ní mór gach ainmniúchán nua (de bhall reatha cláraithe sa Chomharchumann) bheith seolta chuig an Rúnaí **ar a dhéanaí** ar **23 Meitheamh 2018**, i.e trí (3) lá glan roimh dháta an chruinnithe, mar leanas:
   i. an t-ainmniúchan bheith i scribhinn ar an bhfoirm chuí - **Foirm 7**
   ii. an fhoirm bheith sínithe ag bert scairshealbhóir eile
   iii. le ráiteas ann ón ainmní ag léiriú toilteanais a bheith tofa.
   - **Foirm 7** ar Lth 5 (san iatán nasctha) nó le fáil san oifig.

6) **Aon ghnó eile -** atá ábharach don Chruinniú Ginearálta Bliantúil.
   - Faoi réir Riail 5(i)(viii) de na rialacha, agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, is gá fógra 7 lá ar a laghad a chur chuig an rúnai chuige seo.

Nóta

- Faoi réir Riail 5 de na rialacha, agus na forálacha reachtaiochta, is féidir le heagras, cuideachta agus/nó comharchumann atá cláraithe mar scairshealbhóir aon toscaire amháin (1) le lánchead vótála ar a son a ainmniú ar an bhfoirm chuí - **Foirm 6** - agus an fhoirm chomhlánaithe a chlárú **roimh dháta** an chruinnithe leis an rúnaí. *
  - **Foirm 6** ar Lth 6 (san iatán nasctha) nó le fáil san oifig.

* **<runai.boird@raidionalife.ie> / <runairnal@gmail.com>.**

Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta
63-66 Sr Amiens, Baile Átha Cliath 1 | +353(0)1-6616333 | runai.boird@raidionalife.ie

Cruinniú Ginearálta Bliantúil na Scairshealbhóirí 2016

Tionóladh Cruinniú Ginearálta Bliantúíl 2016 de scairshealbhóirí Chomharchumann Radió Átha Cliath Teoranta (Comharchumann Radio Átha Cliath Limited) ag FnaG 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 ar 25 Aibreán 2017.

Cathaoirleach: Susan Ní Dhubhlaíoch; Rúnaí: Peadar T Mac Ruairí

1. **Miontuairiscí** — glacadh le miontuairiscí Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2015.
2. **Ráitis Airgeadais** — glacadh leis na cuntais iniúchtha don bhliain go 31 Nollaig 2015.
3. **Iniúchóir a cheapadh** — athcheapadh Daithí Ó Maolchoille ar mholadh an Bhoird Stiúrtha.
4. **Bord Stiúrtha a cheapadh** — thuairisc an Rúnaí, P T Mac Ruairí:
   (a) go raibh Susan Ní Dhubhlaíoch, móide beirt comhthofa ón gCGB deiridh, Sinéad Ní Uallacháin agus Siún Ni Dhuinn, ag éirí as d'réir Riail 11(c);
   (b) go raibh Susan Ní Dhubhlaíoch, Sinéad Ní Uallacháin agus Siún Ni Dhuinn iontofa athuair gan réamhainmniúchán in éagmais fógra uatha nach raibh siad ag seasamh athuair;
   (c) go raibh gach ball eile den Bhord Stiúrtha reatha ag fanacht in oifig;
   (d) nach raibh aon ainmniúchán nua faighte d'réir téarma Riail 11(c);
   (e) agus mar sin gurb iad leanas baill an Bhoird Stiúrtha ón gcruinniú seo ar aghaidh: Susan Ní Dhubhlaíoch, Cuan Ó Seireadáin, P T Mac Ruairí, Ian Mac Consaidín, Blaithín Ni Liatháin, Sinéad Ní Uallacháin, Siún Ní Dhuinn.
5. **Aon ghnó eile**
   (a) D'eisigh an Bainisteoir, Muiris Ó Fiannachta, tuairisc chuimsitheach ar imeachtaí rathúla uilig Raidió na Life le linn na bliana, ag áireamh -
      - ceadúnas nua 10 mbliain (1 Feabhra 2017 - 31 Nollaig 2027) bronnta ar Raidió na Life ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI);
      - seoladh suíomh gréasáin nua www.raidionalife.ie;
      - infheistíocht €7,380 (€6,000 + CBL) déanta le cabhair ó Fhoras na Gaeilge i mboth fuaime d'ardchaighdeán a chuirfidh go mór le caighdeán taifeadta fuaime Stiúideo Dearg;
      - athsheoladh na seirbhíse nuachta dhigitheach '*Aerthonnta*' - a bhíodh á reachtáil faoin teideal 'Cogar' ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus atá le fáil anois ar leathanach Soundcloud '*Aerthonnta*' le trascríbhinn den ábhar le fáil ar www.raidionalife.ie/aerthonnta.

   (b) Gabhadh buíochas as a gcuid oibre i ndréachtadh na rialacha nua don Chomharchumann le P T Mac Ruairí (Rúnaí) agus Ian Mac Consaidín (Cisteoir).
      - Dúirt an Rúnaí go raibh an t-ádh ar an gComharchumann, agus air féin go pearsanta le linn na hoibre seo, sár-scileanna agus cleachtadh gairmiúil an Chisteora thar roinnt mhaith bliain in oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith ar fáil len' a chinntiú go raibh gach mír de na rialacha dréachta i gceart.
      - Mar thoradh, rinne oifig an chláraitheora an dréacht a seoladh chuchu lena scrúdú roimh fhoilsiú a fhaomhadh ina iomlán.

   (c) Gabhadh buíochas speisialta as a saothar ar son Raidió na Life thar roinnt mhaith blianta le Susan Ní Dhubhlaíoch go raibh fógra tugtha roimhré aici nach mbeadh sí ag seasamh arís le haghaidh oifig an Chathaoirligh tar éis an CGB seo.
      - Bhronn Cuan Ó Seireadáin crobhaing bláthanna uirthi thar ceann an Bhoird and na Bainistíochta mar chomhartha measa.

Sínithe:.....**Cathaoirleach**

Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta
63-66 Sr Amiens, Baile Átha Cliath 1 | +353(0)1-6616333 | runai.boird@raidionalife.ie

Cruinniú Ginearálta Speisialta Scairshealbhóirí
arna chomóradh ar an 25ú Aibreán 2017 ag FnaG, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

Gnó:

Rún tairgthe ag an Bhord Stiúrtha ag moladh go gclárófaí bunreacht nua le haghaidh Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta le teacht i réim in ionad na rialacha ata i bhfeidhm ó cláraíodh iad ar 04 Iúil 1989.

Glacadh d'aonghuth leis an rún -

" Molann an Bord Stiúrtha go nglacfaidh na scairshealbhóirí leis na rialacha nua atá foilsithe ag an Bhord Stiúrtha mar bhunreacht le haghaidh Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta, go dtreoróidh na scairshealbhóirí don Bhord Stiúrtha na rialacha chéad-chláraithe reatha a chur ar ceal tríd na rialacha nua a chlárú go reachtúil d'réir forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, le teacht i bhfeidhm ó 01 Bealtaine 2017. "

Sínithe:.....**Cathaoirleach**

Dáta:_____

Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta
63-66 Sr Amiens, Baile Átha Cliath 1 | +353(0)1-6616333 | runai.boird@raidionalife.ie

MIONCHUNTAS TRÁDÁLA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2017
COMHARCHUMANN RAIDIÓ ÁTHA CLIATH TEORANTA
ag trádáil mar
RAIDIÓ NA LIFE

	2017	2016
Ioncam	**€**	**€**
Deontas: Foras na Gaeilge	240,000	240,000
Foras na Gaeilge: Bogadh Áitribh / Stiúideonna Nua	108,305	-
Cíos Stiúideo	9,206	16,478
Fógraíocht agus Urraíocht	2,699	1,411
Údarás Craolacháin na hÉireann: Fuaim agus Fís	13,945	10,678
Iarchurtha go 2018 ó 2017	(11,445)	-
Iarchurtha go 2016 ó 2015	-	14,004
Ús tuillte	6	5
Údarás Craolacháin na hÉireann: Cogar	-	7,000
CRAOL	-	122
Oiliúint	-	525
Oíche Chultúir	-	600
Ioncam eile	-	109
	362,716	290,932
	======	======
Caiteachas		
Árachas	1,596	1,547
Rátaí	5,315	5,274
Tuarastail	193,211	186,371
Préimheanna Pinsin	7,306	7,106
Teileafón	1,588	1,756
Idirlíon	1,144	934
Suíomh Gréasáin	-	10,506
Táillí Bainc	791	752
Costais Oifige agus Riaracháin	2,473	3,253
Taisteal	1,225	1,911
Táillí Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta	2,500	3,000
Seirbhís Tharchuradóireachta	25,320	25,320
Trealamh	3,842	12,510
Táillí	8,652	8,564
Margaíocht agus Fógraíocht	733	2,553
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	(1.000)	2,000
CRAOL	150	150
Údarás Craolacháin na hÉireann: Tobhach	4,794	5,828
IMRO	594	594
Imeachtaí	3,420	9,756
Bogadh go Sráid Amiens: Bogadh Áitribh/Stiúideonna Nua	112,401	-
Fuaim agus Fís – Cláir	3,493	10,214
	379,548	299,899
	======	======
(Easnamh) na bliana	(16,832)	(8,967)
	======	=====

- Ráitis Airgeadais Iniúchta iomlán le haghaidh na bliana Eanáir-Nollaig 2017 le fáil san oifig nó ar iarratas chuig <bainisteoir@raidionalife.ie

Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta
63-66 Sr Amiens, Baile Átha Cliath 1 | +353(0)1-6616333 | runai.boird@raidionalife.ie

Foirm 7

Molaimidne, scairshealbhóirí Chomharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta | Raidió na Life, (bloc-chaipitil):

(1) .....

(2) .....

faoi réir Riail 11(c) de na rialacha sna hAchtanna um Chumainn Thionscail agus Soláthair 1893-2014 (bloc-chaipitil):

.....

mar iarrthóir sa toghchán don Bhord Stiúrtha ag an Chruinniú Ginearálta Bliantúil.

Sínithe: ar an ..... lá de ..... 20____

Moltóir (1): .....

Moltóir (2): .....

Dearbhú

Glacaim .....
leis an ainmniúchán agus dearbhaím gur scairshealbhóir reatha mé agus má thoghtar mé mar bhall den Bhord Stiúrtha geallaim go gcomhlíonfaidh mé na dualgais reachtúla agus phearsanta a eascrann faoi réir na rialacha sna hAchtanna um Chumainn Thionscail agus Soláthair 1893-2014.

Sínithe: ar an ..... lá de ..... 20____

Iarrthóir: .....

Sonraí teagmhála: Ephost ..... Fón .....

Gairm Bheatha: .....

Aire: Ni mór an fhoirm seo a bheith comhlánaithe sínithe mar atá leagtha amach agus a bheith i seilbh an Rúnaí trí (3) lá glan ar a dhéanaí roimh an dáta atá fógraithe don chruinniú.

Don oifig amháin:

Dáta faighte: Sonraí dearbhaithe. Sínithe

Aon eolas eile:

.....

.....

.....

Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta
63-66 Sr Amiens, Baile Átha Cliath 1 | +353(0)1-6616333 | runai.boird@raidionalife.ie

Foirm 6

Molaimid agus ceapaimid, na sínitheoirí thíos (bloc-chaipitil):

.....

.....

le húdarás rúin a rith an Coiste / Bord: .....

.....a bhfuil dáta ..... air

go ndéanfadh ..... (bloc-chaipitil):

ionadú ar an gcumann / comhlacht corpraithe seo ar gach cruinniú ginearálta arna reachtáil ag Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta | Raidió na Life agus vótáil mar gheall ar gach ábhar ar an gclár gnó go dtí go dtarraingeofar siar nó go ndéantar cealú ar an údarás seo.

A daingníodh leis seo ar an ..... lá de ..... 20____

Sínithe

Stiúrthóir / Coisteoir .....

Stiúrthóir / Coisteoir .....

Rúnaí .....

Comhlacht / Cuideachta Corpraithe: dá fhianú sin le séala

.....Teoranta

Don oifig amháin:

Dáta cláraithe: ..... 20___ Scair/eanna uimhir: .....

Sonraí teagmhála an toscaire: Fón Ephost

Aon eolas eile:

.....

.....

.....